



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA hÉIREANN

2021 ITIA Translation Competition for Secondary School Students

Calling all budding translators!

The Irish Translators' and Interpreters' Association (ITIA) was set up in 1986 and is the only professional association in Ireland representing the interests of practising translators and interpreters.

Given the success of the translation competition over the past five years, the ITIA is once again organising this competition for secondary school students in Ireland.

Please see page 2 below for the Irish text, and excerpt from **Taibhse an Chapail Bháin** by **Séamus Ó Grianna** (adapted).

A prize of €100 will be awarded to the best translation from Irish.

The deadline for receipt of translations is:

5 pm, Wednesday, 5 May 2021

Please read the following carefully:

- Completed translations are to be sent as a PDF attachment only to: competition@translatorsassociation.ie
- Please include your name, the name of your school and your year at school when submitting your translation.
- While students are encouraged to do online research and to use dictionaries, the use of a machine translation system such as Google Translate to actually translate the text is not permitted.
- Previous winners may only enter for a language combination for which they have not won a prize.
- Please note: the competition is not open to the families of members of the Association.
- Winners will be announced in September 2021 and, depending on the situation with the COVID pandemic, we may be able to hold the prize-giving ceremony once again in Dublin.
- Please address all queries to: competition@translatorsassociation.ie



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

Taibhse an Chapail Bháin

Bhí sé ag tarraingt anonn ar an meán oíche nuair a d'fhág Eoin an baile ar a bhealach go hOileán na Marbh. Bhí gaoth ghéar chrua ann agus an ghealach mar a bheadh sí ina rith trasna na spéire idir na néalta. Chuaigh sé trasna an tsrutha ag na Srathóga, agus d'imigh leis siar ag tarraingt ar an Trá Bhán. Ba ghearr gur tháinig an fharraige ar a amharc. Bhí tuargan uafásach ag na tonnta agus iad ag briseadh ina gcnoic chúir i mbéal na trá. Áit uaigneach amuigh anseo leat féin i lár an lae ghil, gan trácht ar dhuibheagán an mheán oíche. Tá uaigneas agus uafás i nglór na farraige. Tugann sí an tsíoraíocht i do cheann, agus feictear duit nach bhfuil agat ar do shaol ach greim an fhir bháite.

D'amharc Eoin gach taobh de. Taobh amuigh de bhí an fharraige mhór. Taobh istigh de bhí na sléibhte ina seasamh mar a bheadh néalta dubha ann. Ní raibh solas ar bith le feiceáil aige ach solas i bhfad uaidh ar theach Phádraig Mhóir ar Dhún Lainne. Mhair sé ag stánadh ar an solas sin mar nach dtiocfadh leis a shúile a thógáil as. Chuaigh an solas as.

Shiúil sé cúpla céad slat soir ag déanamh ar Rinn na Mart. Le sin féin chuala sé seitreach capaill. D'amharc sé thar a ghualainn agus fuair sé capall geal bán, agus marcach ar a mhuin, faoi chúpla coiscéim de. Ní raibh ann ach nár thit se i laige, ar mhéad is a bhí sé scanraithe. Ach tháinig sé chuige féin rud beag agus shiúil leis go géar ar feadh tamaill. Ansin sheas sé. D'éist sé. Ach ní raibh a dhath le cluinstit aige ach tuargan na dtonnta in imeall na trá.

Lig sé é féin chun reatha. Amanta smaoinigh sé go raibh sé amaideach aige. Nach raibh ann ach duine saolta. Fear éigin ag bhí ag dul dá ghnóthaí. Ach ina dhiaidh sin ní ligfeadh an eagla dó siúl ar a shuaimhneas. Rith sé leis an méid a bhí ina chnámha, agus nuair a tháinig sé go Ceann Caslach, chuaigh sé suas go teach an phobail. Luigh sé ar fhoscadh an bhalla ansin go maidin, agus nuair a tháinig solas an lae, bhain sé an baile amach.

Roimh cheithre huairé ficheadh bhí scéal an taibhse i mbéal gach aon duine sa phobal.

[Séamus Ó Grianna (adapted)]